

Focal ar fhocal

Inniu, tá formhór mór lucht na Gaeilge ina gcainteoirí dátheangacha Béarla agus Gaeilge. Caithfidh siad cúrsa a stiúradh idir dhá theanga a bhfuil difríochtaí móra eatarthu i dtaca le gramadach, comhréir agus cora cainte de. San alt seo, déantar cuid de na difríochtaí struchtúrtha agus stíle sin a chíoradh, go háirithe na difríochtaí sin is cúis le deacrachtaí agus le hearráidí.

Comhlogaíochtaí: focail i gcuideachta a chéile

Ní féidir le graiméir ná le treoracha stíle cur síos ar gach cor is casadh a chuireann teanga bheo di. Cuid mhór de na rudaí a mheasaimid a bheith ceart nó nádúrtha, bíonn siad ag brath ar chomhthéacs agus ar chúinsí atá róchaolchúiseach le go míneofaí i scríbhinn iad. Níl gné ar bith is fearr a léiríonn an méid sin ná comhlogaíochtaí, focail a úsáidtear i gcuideachta a chéile i bhfrása nó in aonad céille faoi leith. Ní bheadh sé ar bhealach ar bith míloighciúil *parading band* a rá seachas *marching band*, ach is beag duine a déarfadh a leithéid. Le linn do cheoltóirí a bheith i mbun ceolchoirme, deirtear gur *performing* atá siad ach ní déarfadh duine ar bith *she's performing piano*. Má luaitear uirlis cheoil, bítear ag súil leis go ndéanfaidh sí comhlogaíocht leis an mbriathar *play*.

Is iomaí cineál focail a dhéanann comhlogaíocht le focal eile, mar shampla ainmfhocal le haidiacht (*sound investment*) nó ainmfhocal le briathar (*to pull a sickie*). Tá focail áirithe ann nach mbíonn le cloisteáil ach go fíorannamh taobh amuigh den chomhlogaíocht lena mbaineann siad. Cé chomh minic agus a chloistear *ulterior* gan a pháirtí *motive*? Is i mbéarlagair gairmeacha éagsúla a úsáidtear comhlogaíochtaí áirithe. Bíonn *sun-kissed beaches* á ngeallúint ag an ngníomhaire taistil fad is a bhíonn an gníomhaire eastáit ag moladh árasáin atá *deceptively roomy*. Bheadh iontas orainn a leithéid de chaint a chloisteáil ó bhéal tíreolaithe nó gobharnóirí príosúin.

Tá comhlogaíochtaí fréamhaithe chomh daingean sin sa Bhéarla go mbíonn a lorg le brath go láidir ar chaint agus ar scríbhneoireacht a lán cainteoirí Gaeilge. Is é sin is cúis le leaganacha nach bhfuil dúchasach sa teanga agus a dtugtar ‘béarlachas’ orthu go minic. ‘Chóirigh mé mo leaba’ a deirtear i nGaeilge ach is furasta a shamhlú go ndearfaí ‘rinne mé mo leaba’ faoi anáil na comhlogaíochta Béarla *I made my bed*.

Tá tábhacht ar leith leis na réamhfhocail a úsáidtear sna comhlogaíochtaí Béarla. Go rómhinic ar fad, cuirtear na réamhfhocail sin in áit na réamhfhocal a úsáidtear sna leaganacha dúchasacha Gaeilge. Faoi anáil *I have a great respect for her*, deirtear ‘tá meas mór agam di’ seachas ‘tá meas mór agam uirthi’ mar a bhí sa Ghaeilge riamh. An té a bhfuil slaghdán air, b’fhéidir go ndéarfadh sé ‘tá slaghdán agam’ seachas ‘tá slaghdán orm.’

Dá bhrí sin, tá na hiontrálacha in *New English-Irish Dictionary* (NEID) leagtha amach sa chaoi is gur furasta don úsáideoir teacht ar an eolas riachtanach maidir leis an gcomhlogaíocht thraidisiúnta Ghaeilge. Cuir i gcás, seans go mbeadh úsáideoirí in amhras conas an frása *to break the news to someone* a chur in iúl i nGaeilge. An bhfuil ‘an scéal a bhriseadh’ inghlactha? Má tá, cén réamhfhocal ba cheart a bheith in áit *to* an Bhéarla? Tá an t-eolas riachtanach le fáil faoin gceannfhocal *break*:

16 (of story, news) **he called me to ~ the news** ghlaoigh sé orm leis an scéala a insint dom

D’fhéadfaí an abairt Ghaeilge a aistriú siar go Béarla mar seo: *He called me to tell me the news*. Is aistriúchán beacht soiléir é sin a léiríonn an cur chuige is fearr maidir le comhlogaíochtaí Béarla a aistriú go Gaeilge. Ní hinmholta an iomarca ómóis a thabhairt don fhriotal Béarla ach a fháil amach cén chiall atá le *to break news*. Agus sin déanta, is furasta an smaoineamh a mhíniú i bparafrása. Déantar comhlogaíochtaí a aistriú ar dhá bhealach in NEID: le parafrásaí agus le cora cainte atá dúchasach sa Ghaeilge.

sickie to pull a sickie lá faoin tor a thógáil, ligean ort go bhfuil tú tinn

Is é atá sa chéad leagan nath Gaeilge arb ionann ciall dó agus don nath Béarla. Is é atá sa dara leagan parafrása a bhféadfaí aistriúchán litriúil a dhéanamh air: *to pretend that you are ill*. Is faoin úsáideoir atá sé leagan a roghnú de réir mar a oireann don chomhthéacs.

An bhfuil ‘scéala/nuacht a bhriseadh’ inghlactha ar chor ar bith? Cinnte, bíonn sé le cloisteáil sna meáin chraolta chun trácht ar chéadfoilsíú scéalta nuachta. Tugtar dhá aistriúchán in NEID. Arís, is faoin úsáideoir atá sé a rogha féin a dhéanamh.

the journalist who broke the story an t-iriseoir a bhris an scéal, an t-iriseoir ag a raibh an scéal i dtosach

Béarlagair agus focail reatha

Ar chloisteáil an fhocail ‘béarlagair’ dúinn, is túisce a smaoinimid ar fhriotal casta fíorthaicniúil ar deacair don ghnáthdhuine ciall a bhaint as. Is minic a thugtar achasán do lucht dlí, cuir i gcás, ar an ábhar go ndéanann siad daoine a dhalladh le béarlagair doiléir dlúth. Bíonn feachtasóirí *Plain Language* ag tathant ar ranna rialtais agus ar lucht leighis cuimhneamh ar riachtanais an ghnáthléitheora i bhfoilseacháin atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne. De réir na tuisceana sin, is ionann ‘béarlagair’ agus focal dímheasúil ar Theanga Shainfheidhme (*Language for Specific Purposes*).

Úsáidtear ‘béarlagair’ ar shlí eile, áfach, le cur síos ar mheafair ar nós *blue-sky thinking* nó *getting all your ducks in a row*. Ní friotal teicniúil atá sna focail reatha seo, ach is gnách gur i sainréimse áirithe a ceapadh agus a úsáideadh i dtosach iad. Is i measc lucht gnó agus bainistíochta a ghintear sciar maith díobh.

Is é an cur chuige aistriúcháin is fearr ná ciall an mheafair a mhíniú i bparafrása Gaeilge, mar atá déanta sna samplaí seo in NEID:

blue-sky blue-sky thinking smaointeoireacht fhísiúil, smaointeoireacht chruthaitheach

duck to get (all) your ~s in a row gach rud a bheith faoi réir agat

I gcás go bhfuil cor cainte nó meafar Gaeilge ann a thugann an chiall slán, tugtar i measc na n-aistriúchán é.

clip to ~ sb’s wings dealg a chur i sáil duine, an ghaoth a bhaint as seolta duine

Is minic a dhéantar aistriúchán breallach ar nathanna béarlagair díreach toisc go bhfuil sciar maith de fréamhaithe i dTeanga Shainfheidhme. Is é a thuigeann innealtóirí leictreachais as *lightning rod* ná píosa miotail a cheanglaítear de struchtúir éagsúla chun leictreachas a sheoladh go sábháilte i gcás go mbuailfeadh splanc thintrí é. Nuair a úsáidtear an focal ar an gcaoi sin, is é an téarma comhchiallach Gaeilge ‘seoltóir tintrí’ an t-aistriúchán is fearr. Mar sin féin, cé go bhfuil bunús teicniúil le *lightning rod*, is fada é in úsáid i measc cainteoirí Béarla i gciall mheafarach, le cur síos ar phearsa phoiblí a tharraingíonn conspóid agus cáineadh. Más é sin an chiall atá i dtreis, teastaíonn parafrása nó meafar comhchiallach Gaeilge chun an nath béarlagair a aistriú. Déantar dealú soiléir in NEID idir an úsáid theicniúil agus an úsáid mheafarach.

lightning rod N ❶ (*focus of attention, blame, etc*) **she’s a ~ for criticism** tarraingíonn sí go leor cáinte; **it’s always been a ~ for controversy** tharraing sé an-chuid conspóide riamh ❷ (*lightning conductor*) seoltóir tintrí

Ainmfhocail

An chiall mhícheart

Thar roinn chainte ar bith eile, bíonn claonadh ann ainmfhocail a úsáid sa chiall mhícheart. Is iomaí cúis atá leis sin. Corruair, déantar botúin mar gheall ar chosúlachtaí idir an focal Béarla agus an focal Gaeilge. Toisc go bhfuil ‘prióireacht’ cosúil le *priority*, bítear ag caint ar ‘prióireachtaí an Rialtais’. Le fírinne, is téarma eaglasta é ‘prióireacht’, a chiallaíonn *priory*. Dá mba rud é go mbeadh bearna sa Ghaeilge, b’fhéidir nár mhiste ciall an fhocail a leathnú, ach, mar is léir ón iontráil in NEID, níl bearna ar bith le líonadh.

priority N ❶ (*most important concern*) tosaíocht f3; **employment is the top ~ for the government** fostaíocht an tosaíocht is mó ag an rialtas; **they have their priorities right** tuigeann siad cé na tosaíochtaí atá acu; **it was low on the list of priorities** is beag aird a tugadh air

Focal ar bith a bhfuil níos mó ná ciall amháin leis, is amhlaidh atá sé ‘ilchiallach’. Mar a bheifeá ag súil leis, is mó seans go mbainfí mí-úsáid as focail ilchiallacha de réir mar a bhítear ag imeacht ó stór focal an ghnáthdhuine i dtreo stór focal teicniúil. I bhfoclóirí dátheangacha go dtí seo, ba san aon iontráil amháin a dhéantaí cur síos ar fhocail ilchiallacha. Ba mhinic dalladh eolais san iontráil chéanna. Féach, áfach, an dealú soiléir atá idir cialla éagsúla an fhocail *title* san iontráil in NEID:

title ❶ (*name of book, film, etc*) teideal m1, ainm m4; **what’s the ~ of the book?** cén teideal atá ar an leabhar?, cad é ainm an leabhair? ❷ (*PUBL: publication*) foilseachán m1, teideal m1; **he sells out of print book ~s** díolann sé leabhair atá as cló ❸ (*name of job, office*) teideal m1; **her job ~** teideal a poist ❹ (*Mrs, Dr, Sir, etc*) teideal m1; **to give them their proper ~** lena dteideal ceart a thabhairt orthu ❺ (*description*) teideal m1, ainm m4; **it earns Wicklow the ~ of ‘The Garden of Ireland’** is é a thuilleann an teideal ‘Gairdín na hÉireann’ do Chill Mhantáin ❻ (*SPORT: position of champion*) craobh f2; **she won the women’s ~** bhuaigh sí craobh na mban; **he holds the ~ of world champion** is é curadh an domhain é; **they retained the All-Ireland ~** bhuaigh siad craobh na hÉireann den dara huair i ndiaidh a chéile ❼ (*LAW: right, claim*) teideal m1, ceart m1; **they had ~ to the holding** bhí teideal acu ar an ngabháltas

Carnadh ainmfhocail

Tá cleachtadh maith ag cainteoirí Béarla ar chiall a bhaint as frásaí ina bhfuil formhór na bhfocal ina n-ainmfhocail. Cinnte, tá col ag stílithe próis le leithéidí *water shortage use restrictions*, ach tuigeann an léitheoir gur srianta ar úsáid uisce iad seo atá riachtanach de bharr ganntanas uisce. Bíonn cairn ainmfhocail den chineál seo thar a bheith coitianta i dtéacsanna teicniúla (*waste disposal facility management training*) agus i dtéacsanna oifigiúla agus leathoifigiúla (*customer satisfaction survey analysis*).

Fiú más dóigh linn na samplaí sin a bheith míshlachtmhar, ní bhíonn moill rómhór orainn iad a thuiscint. Tá de bhuntáiste ag an mBéarla nach bhfuil infhilleadh ná claochlú tosaigh ar bith ann, rud a fhágann gur furasta sraith ainmfhocail a chur i ndiaidh a chéile. Níl an Ghaeilge chomh solúbtha céanna, áfach, agus féadann sraitheanna ainmfhocail a bheith doiléir ó thaobh na céille de agus fíorchasta ó thaobh na gramadaí de. Seo aistriúcháin focal ar fhocail ar na trí shampla ón bparagraf thuas:

- *srianta úsáid ganntanas uisce*
- *oiliúint bhainistíochta saoráidí diúscartha dramhaíola*
- *anailís suirbhéanna sásamh custaiméirí*

Ní gá go mbeadh an frása díreach chomh casta leis na samplaí thuas le go mbeadh deacrachtaí tuisceana ann. Dá mbeadh *click here to verify username* le haistriú, cuir i gcás, ba chabhair don léitheoir é réamhfocal agus briathar a fhí isteach: ‘cliceáil anseo chun an t-ainm úsáideora a dheimhniú.’ Is soiléire go mór é sin ná an carn ainmfhocail Gaeilge ‘cliceáil anseo le haghaidh deimhniú ainm úsáideora.’

Ainmfhocail theibí

Comhairle a fhaightear go minic i dtreoirleabhair stíle ná focail ‘nithiúla’ a úsáid de rogha ar fhocail theibí. Is simplí agus is nádúrtha *there are only a few copies left* ná *there is limited copy availability*. Féach mar a aistrítear an t-ainmfhocal teibí faoin gceannfhocal *presence* in NEID.

their presence annoyed her chuir sé as di go raibh siad ann

due to the presence of gas in the liquid toisc go bhfuil gás sa leacht

in the presence of your friends os comhair do chairde, agus do chairde i láthair

Riail ghinearálta úsáideach atá ann tús áite a thabhairt d’fhocail nithiúla, ach caithfear an comhthéacs a chur san áireamh chomh maith. In Airteagal 3 de *Bunreacht na hÉireann*, mar shampla, tá trácht ar mhuintir na hÉireann uile a aontú *in all the diversity of their identities and traditions*. Tá an teibíocht chéanna le brath ar an téacs Gaeilge: ‘in éagsúlacht uile a bhféiniúlachtaí agus a dtraidisiún.’

Cíoradh ar smaointe agus ar choincheapa is gnó don scríbhneoireacht acadúil. Dá mbeadh teangeolaí ag trácht ar ghnéithe áirithe a bheith le fáil nó gan a bheith le fáil i gcanúint Ghaeilge, seans go roghnódh sé/sí téarmaí gonta ar nós ‘láithreach’ agus ‘neamhláithreach’.

Dar ndóigh, is iomaí ainmfhocal Béarla a bhfuil ciall theibí agus ciall nithiúil leis. Ní léir, gan chomhthéacs, cad é atá i gceist le *pottery*: na táirgí (cré-earraí), an cheird nó fiú amháin an láthair oibre. Is í an dara ciall, an cheird, atá i gceist leis an bhfocal Gaeilge ‘potaireacht’. Ní de dhúchas na Gaeilge a bheith ag caint ar photaireacht a cheannach nó cuairt a thabhairt ar photaireacht. Is mar seo a aistrítear *pottery* in NEID:

① (*clay objects*) earraí potaireachta, earraí potadóireachta; **a piece of** ~ píosa potaireachta, píosa criadóireachta

② (*craft*) potaireacht *f3*, criadóireacht *f3*, potadóireacht *f3*; **she teaches** ~ múineann sí criadóireacht

③ (*place, workshop*) saotharlann photaireachta

Cáilitheoirí

Is féidir ainmfhocal Gaeilge a cháiliú ar roinnt bealaí éagsúla.

1. Le réimír: *snagcheol*.
2. Le haidiacht: *ceol clasaiceach*.
3. Le hainmfhocal sa tuiseal ginideach: *ceol tíre*.

Réimíreanna agus comhfhocail

Tá roinnt réimíreanna ann nach mbíonn le fáil ach i gcomhfhocail agus nach féidir iad a úsáid go neamhspleách. Féach, mar shampla, *dea-*, *droch-* agus *fó-* i bhfocail mar ‘dea-scéala’, ‘drochairsir’ agus ‘fo-eagarthóir’. Níl ceann ar bith acu ina aidiacht neamhspleách.

Dar ndóigh, is iomaí aidiacht a úsáidtear mar réimír, mar shampla ‘ard’ san fhocal ‘ardfheis’ agus ‘corr’ in ‘corrdhuine.’ Bíodh sin mar atá, ní i gcónaí a bhíonn an chiall chéanna leis an réimír agus leis an aidiacht. ‘Duine anseo is ansiúd’ an chiall atá ‘corrdhuine’ ach ‘duine aisteach’ an chiall atá le ‘duine corr.’

Cuid mhór de na haidiachtaí a úsáidtear mar réimíreanna, is amhlaidh a threisiónn siad ciall an ainmfhocail, mar a dhéanadh *very*, *truly* nó *really* sa Bhéarla. Ní hionann ciall do ‘ardfhear’ (*a great man*) agus do ‘fear ard’ (*a tall man*). Ó thaobh na stíle de, ba chóir do scríbhneoirí leas a bhaint as raon leathan de na réimíreanna treisithe seo. Níl locht ar bith ar ‘an-údar go deo is ea í’ ach tá ‘sárúdar’, ‘scothúdar’, ‘mórúdar’ agus ‘rí-údar’ ann chomh maith. Cuireann malairt focal brí agus éagsúlacht sa scríbhneoireacht.

Is minic, leis, a chuirtear dhá ainmfhocal le chéile i gcomhfhocail atá níos gonta ná an gnáthmhúnla ainmfhocal móide cáilitheoir. Cuir i gcás, tá solúbthacht i leaganacha mar ‘meabhairshláinte’ agus ‘dlítheangeolaí’ nach bhfuil in ‘sláinte mheabhrach’ agus ‘eolaí dlí agus teanga.’

Ionad aidiachtaí san abairt

Tá baol áirithe ag baint le gach abairt a thosú ar ‘tá’ nó ‘níl.’ Is minic gur débhríocht an toradh a bhíonn air.

The students’ demand for challenging tuition is clear.

Tá éileamh na mac léinn ar theagasc dúshlánach soiléir.

Tá an dá aidiacht, ‘dúshlánach’ agus ‘soiléir’ ag teacht sna sála ar an ainmfhocal, agus an chuma air gur ‘teagasc’ atá á cháiliú acu araon. Dar leat, tá na mic léinn ag lorg teagasc atá soiléir agus dúshlánach. B’fhearr cur chuige ar shlí eile:

Tá sé soiléir go bhfuil éileamh ag na mic léinn ar theagasc dúshlánach.

nó

Is léir go bhfuil éileamh ag na mic léinn ar theagasc dúshlánach.

Breischéim agus sárchéim

Tríd is tríd, ní deacair do chainteoirí Gaeilge an bhreischéim nó an tsárchéim a láimhseáil. Ní bhíonn le déanamh, formhór an ama, ach breischéim nó sárchéim na haidiachta a roghnú, mar a dhéantar sa Bhéarla.

*While television advertising remains **more effective** than newspaper adverts, on-line advertising is now the **most effective** medium of all.*

Bíodh is go bhfuil fógraí teilifíse **níos éifeachtaí** ná fógraí i nuachtáin, is í an fhógraíocht ar líne an meán **is éifeachtaí** ar fad inniu.

Tá dúshlán breise sna frásaí thíos, áfach, mar is deacair na cáilitheoirí iontu a aistriú go Gaeilge.

- *Is there a more influential commentator in the ranks of Irish journalism?*
- *How can it be that the candidate with the fewest votes won a Presidential election?*

Níl aidiacht aonair sa Ghaeilge a chiallaíonn *influential*. I dtaca leis an dara habairt, is rómhinic ar fad a dhéantar aistriúchán focal ar fhrásaí mar *the candidate with the fewest votes* agus go scriobhtar ‘an t-iarrthóir leis an líon is lú vótaí.’ Ach is furasta na smaointe sna habairtí thuas a chur in iúl i nGaeilge ach foirm na sárchéime a chur leis an ainmfhocal.

- An bhfuil tráchttaire **is mó tionchar** le fáil i measc iriseoirí na hÉireann?
- Conas sin, gurb é an té **ba lú vótaí** a bhain toghchán Uachtaránachta?

Tabhair faoi deara gur sa tuiséal ainmneach atá na hainmfhocail.

Tá struchtúir chomparáideacha eile a chuireann brí agus éagsúlacht sa scríbhneoireacht Ghaeilge.

- Bhí sí ar an bhfile Gaeilge ab iomráití san am.
- Bhí sí ar na filí Gaeilge ab iomráití san am.
- Is fearr a labhraím Fraincis ná Spáinnis.

Ainmfhocail sa tuiséal ginideach

Go minic, is cuma cé acu aidiacht shimplí nó ainmfhocal sa tuiséal ginideach a úsáidtear le hainmfhocal a cháiliú: is ionann ciall do ‘fianaise bhréagach’ agus do ‘fianaise bhréige.’ Caithfear a bheith airdeallach

maidir le comhlogaíochtaí áirithe, áfach. ‘Cainteoir dúchais’ a bhí sa Ghaeilge riamh, murab ionann agus ‘cainteoir dúchasach.’ ‘Institiúidí oideachais’ a thugtar ar choláistí agus ar scoileanna, seachas ‘institiúidí oideachasúla.’ Siúd iad na comhlogaíochtaí traidisiúnta.

Léiríonn an iontráil le haghaidh *educational* in NEID conas a bhíonn an chiall ag brath ar na cáilitheoirí a úsáidtear.

educational ADJ ① ED oideachais *nmod*, oideachasúil a2; ~ **psychologist** síceolaí oideachais; ~ **software** bogearraí oideachais; ~ **toy** bréagán oideachasúil ② (*informative*) oideachasúil a2, oideasach a1; **foreign travel can be very** ~ is féidir a lán a fhoghlaim ó bheith ag taisteal thar lear; ~ **activities** gníomhaíochtaí oideachasúla

Féach mar a úsáidtear an aidiacht ‘oideachasúil’ le trácht ar rudaí a bhfuil feidhm foghlama leo: ‘bréagán oideachasúil’ agus ‘gníomhaíochtaí oideachasúla’.

Dobhriathra

Tá dobhriathra Béarla ann nach féidir a aistriú go Gaeilge de réir na foirmle ‘go’ + aidiacht. Caithfidh scríbhneoirí beagán machnaimh a dhéanamh faoi chruinnchiall frásaí ar nós *he was physically sick* nó *I interviewed all the candidates personally* sula scríobhfaidh siad ‘bhí sé tinn go fisiciúil’ nó ‘chuir mé agallamh ar na hiarrthóirí go léir go pearsanta.’ Urlacan nó ‘caitheamh aníos’ atá i gceist sa chéad abairt Bhéarla. Is é atá á mhaíomh sa dara habairt gur chuir duine amháin agallamh ar na hiarrthóirí go léir seachas an cúram sin a fhágáil faoi dhaoine eile. Mar seo ba cheart í a aistriú: ‘mise a chuir agallamh ar na hiarrthóirí go léir.’ Is iomaí aistriúchán in NEID a chloíonn leis an gcur chuige sin, agus a sheachnaíonn struchtúr dobhriathartha na habairte Béarla.

is that even physically possible? an bhfuil sé sin indéanta fiú?, an féidir é sin a dhéanamh fiú?
I personally witnessed it chonaic mé le mo dhá shúil féin é

Briathra

Déantar briathra a réimniú de réir pearsan, uimhreach agus aimsire. Ní hionann, áfach, aimsirí na Gaeilge agus aimsirí an Bhéarla. Is minic a dhéantar botúin dá bharr sin.

An aimsir ghnáthchaite

Níl aimsir chaite faoi leith sa Bhéarla a chuireann in iúl gur thit rudaí amach níos mó ná uair amháin, bíodh is go bhfuil an méid sin intuigthe sna habairtí Béarla thíos.

- *When I was young, I walked to school.*
Nuair a bhí mé óg, **shiúlainn** chun na scoile.
- *It's hard to believe now that people smoked cigarettes in restaurants.*
Sa lá atá inniu ann, is deacair a chreidiúint go **gcaitheadh** daoine toitíní i mbialanna.

I gcás na Gaeilge, ní mór dealú idir an aimsir chaite shimplí agus an aimsir ghnáthchaite, ar fhaitíos go dtabharfaí le fios nár tharla an gníomh nó an ócáid ach uair amháin.

- Nuair a bhí mé óg, ~~shiúl~~ **shiúil** mé chun na scoile.
- Sa lá atá inniu ann, is deacair a chreidiúint gur ~~chait~~ **chait** daoine toitíní i mbialanna.

Is féidir foirm na haimsire gnáthchaite den bhriathar a úsáid nó frásaí mar ‘ba ghnách le’ nó ‘bhí sé de nós/de ghnás ag’ a roghnú.

- Nuair a bhí mé óg, bhí sé de nós agam siúl chun na scoile.
- Sa lá atá inniu ann, is deacair a chreidiúint gur ghnách le daoine toitíní a chaitheamh i mbialanna.

Fáistineach nó láithreach?

Is iomaí abairt Bhéarla ina mbíonn clásal amháin san aimsir fháistineach agus clásal ag teacht sna sála air a bhfuil cuma na haimsire láithrí air.

- *I'll call you when I get home.*
- *Will you be in Berlin tomorrow, when Ireland play their second qualifying game?*

Tá an struchtúr sin i ndiaidh a lorg a fhágáil ar an nGaeilge agus ní hannamh a scríobhtar abairtí mar seo thíos.

- Cuirfidh mé glooch ort nuair a ~~bhainim~~ an baile amach.
- An mbeidh tusa i mBeirlín amárach, nuair a ~~imríonn~~ foireann na hÉireann an dara cluiche cáilithe?

Ó tharla go bhfuil na rudaí atá luaite fós le tarlú, ba cheart na briathra a bheith san aimsir fháistineach.

- Cuirfidh mé glooch ort nuair a **bhainfidh** mé an baile amach.
- An mbeidh tusa i mBeirlín amárach, nuair a **imreoidh** foireann na hÉireann an dara cluiche cáilithe?

An fhaí chéasta agus an fhaí ghníomhach

Féadann an briathar a bheith san fhaí chéasta nó san fhaí ghníomhach.

- *The Government is making progress.*
Tá an Rialtas ag déanamh dul chun cinn. (Is é 'Rialtas' an gníomhaí.)
- *The Government is being ruined by dissenters.*
Tá an Rialtas á mhilleadh ag easaontóirí. (Is é 'Rialtas' an cuspóir.)

Tabhair faoi deara go mbíonn an focal 'á' ag tagairt d'ainmfhocail idir fhirinscneach agus bhaininscneach, idir uatha agus iolra. Caithfidh an claochlú tosaigh a bheith dá réir sin.

- Tá an teach á thógáil. (firinscneach uatha)
- Tá an scoil á tógáil. (baininscneach uatha)
- Tá na hoifigí á dtógáil. (iolra)

Is fearr, go minic, an saorbhriathar Gaeilge a úsáid, is é sin briathar gan ghníomhaí, chun faí chéasta an Bhéarla a aistriú.

- *Compensation was paid to the victims.*
Íocadh cúiteamh leis na híospartaigh.
- *Two Councillors will be appointed to the Working Group.*
Ceapfar beirt Chomhairleoirí ar an Meitheal Oibre.

Caithfear a bheith airdeallach faoin gcosúlacht idir faí chéasta an Bhéarla agus an aidiacht bhriathartha. B'fhéidir go ndéarfadh múinteoir, i ndiaidh obair cheartúcháin a chríochnú, *the essays are corrected*. 'Tá na haistí ceartaithe' a deirtear sa Ghaeilge. Tá an aidiacht bhriathartha 'ceartaithe' ag cur síos ar an gceartú a bheith déanta. Ach cuir i gcás gur mar seo a bheadh an abairt Bhéarla: *the essays are corrected and returned to the students*. Is é a chaithfí a rá sa chás sin, 'ceartaítear na haistí agus tugtar ar ais do na mic léinn iad.' Is amhlaidh a úsáidtear an aidiacht bhriathartha le cur síos ar staid ('ceartaithe'). Úsáidtear an saorbhriathar le cur síos ar ghníomh ('ceartaítear'). Caithfidh scríbhneoirí a machnamh a dhéanamh faoin gciall is dócha a bheadh le habairtí mar *they were married last year*. D'fhéadfaí an abairt a thuiscint ar dhá bhealach: (1) go ndearnadh iad a phósadh anuraidh (gníomh) nó (2) go raibh

siad faoi chuing an phósta anuraidh (staid). Is dócha gurb é an gníomh atá i gceist san abairt Bhéarla agus gur ‘pósadh anuraidh iad’ a theastaíonn.

Briathra cúnta

Is féidir briathra mar ‘anailísigh’, ‘feabhsaigh’ agus ‘tuairiscigh’ a úsáid mar bhriathra neamhspleácha nó is féidir frásaí briathartha a dhéanamh díobh le cabhair briathra cúnta ar nós ‘cuir’, ‘déan’ agus ‘tabhair.’

analyse VT anailís a dhéanamh ar, anailísigh

improve VT feabhas a chur ar, feabhsaigh

report VT tuairisc a thabhairt ar, tuairiscigh

Is féidir a rá, mar threoir ghinearálta, go bhfuil na frásaí briathartha an-oiriúnach i dtéacsanna atá dírithe ar an ngnáthphobal. Dá mbeadh an abairt *the results are being analysed* le haistriú le haghaidh tuairisc nuachta, is dócha gur mar seo a bheadh: ‘tá anailís á déanamh ar na torthaí.’ Dá mbeadh an abairt chéanna le fáil i ndoiciméad taighde, seans maith go roghnódh an t-aistritheoir Gaeilge ‘tá na torthaí á n-anailisiú’ mar gheall ar a ghontacht agus a bhlas teicniúil.

Nascfhocail

Tá nascfhocail riachtanach i dtéacs leanúnach ar bith. Tá siad mar a bheadh droichid ann, a nascann na smaointe ó abairt go chéile agus ó pharagraf go chéile.

The people I met when travelling in China were not rich—quite the opposite. **Even so**, I don’t believe I was ever as warmly welcomed anywhere else in the world. **For instance**, the Chinese would not allow me to leave a house without having something to drink or eat. **Indeed**, I was often presented with more food than I could eat. The generosity of these poor people astounded me, and shamed me a little too. **To make matters worse**, I hadn’t a word of Chinese with which to thank them.

Ní daoine saibhre a casadh orm agus mé ag taisteal sa tSín—a mhalairt ar fad. **Mar sin féin**, ní dóigh liom gur cuireadh fáilte chomh croíúil romham áit ar bith eile ar domhan. **Cuir i gcás**, ní ligeadh na Sínigh dom teach a fhágáil gan deoch a ól nó greim bia a ithe. **Go deimhin**, ba mhinic a cuireadh níos mó bia romham ná a thiocfadh liom a ithe. Chuir flaithiúlacht na ndaoine bochta seo iontas orm, agus rud beag náire freisin. **Mar bharr ar an donas**, ní raibh focal Sínise agam chun mo bhuíochas a ghabháil leo.

Ba chóir do scríbhneoirí Gaeilge réimse leathan nascfhocal a bheith ar a dtoil acu agus a bheith oilte ar iad a fhí isteach sna háiteanna cearta san abairt. Níor chóir, mar shampla ‘áfach’ nó ‘ámh’ a bheith i dtús abairte.

Caithfear a bheith airdeallach maidir leis na haidiachtaí taispeántacha ‘seo’ agus ‘sin’ a úsáid le réamhfhocail chomhshuite. Is é an tuiséal ginideach a leanann leithéidí ‘de bharr’, ‘de bhri’, ‘in ainneoin’ agus ‘os coinne’ de ghnáth. Bíodh sin mar atá, ní féidir ‘seo’ agus ‘sin’ a infhillleadh. Botún atá ann a leithéid seo a scríobh: ‘~~de bharr sin~~’, ‘~~in ainneoin sin~~’ agus ‘~~os coinne sin~~’. Ina áit sin, ní mór an aidiacht shealbhach fhirinscneach sa tríú pearsa uatha a chur leo: ‘dá bharr sin’, ‘ina ainneoin sin’ agus ‘os a choinne sin.’ Úsáidtear an aidiacht shealbhach sa tríú pearsa iolra chomh maith, de réir mar is cuí: ‘dá mbarr sin’, ‘ina n-ainneoin sin’ agus ‘os a gcoinne sin.’

Sa bhosca thíos, tá roinnt nascfhocail choitianta arna rangú de réir feidhme:

Pointe a chur i láthair nó pointe breise a dhéanamh chomh maith leis sin, ina theannta sin, lena chois sin, rud eile de ar an gcuma chéanna, mar an gcéanna ní hamháin sin, ach	Comparáid agus codarsnacht bíodh sin mar atá, fós féin, mar sin féin, ar a shon sin is uile, ina dhiaidh sin is uile os a choinne sin, ar an lámh eile, ar an taobh eile den scéal
Samplaí a chur i láthair agus a rangú cuir i gcás, mar shampla ar an gcéad dul síos, ar dtús	Cur síos ar thorthaí, iarmhairtí dá thoradh sin, mar gheall air sin, dá bharr sin Ina ainneoin sin, dá ainneoin sin ós rud é go, ó tharla go
Achoimre a dhéanamh go hachomair, i mbeagán focal tríd is tríd, ar an mórgóir is é bun agus barr an scéil mar fhocal scoir, mar chríoch	Meascra déanta na fírinne, leis an bhfírinne a dhéanamh ar ndóigh/dar ndóigh, gan amhras thar aon rud eile, os cionn gach ní eile